

## 1<sup>ú</sup> agus 2<sup>ú</sup> Rang

Éire Níos Sona agus Níos Sláintiúla faoi cheann 2030



An dóigh leat go mbeimid in ann bail níos sona agus níos sláintiúla a chur ar Éirinn amach anseo? Ag An Post, tá a fhios againn go gcaithfidh gach uile dhuine a gcion féin a dhéanamh le go mbeadh ár dtír ina áit níos fearr ná riamh le bheith i do chónaí ann!

Is iomaí rud is féidir linn a dhéanamh chun bail níos sona agus níos sláintiúla a chur ar Éirinn. I measc na rudaí gur féidir linn a dhéanamh chun sonas agus sláinte ár bpobal amach anseo a fheabhsú tá iarracht a dhéanamh chun deis a thabhairt do gach duine páirt a ghlacadh i gcúrsaí, chomh maith le leas a bhaint as iompar poiblí is as foinsí in-athnuaite fuinnimh, agus a bheith níos tíosaí le rudaí trí iad a athúsáid agus a athchúrsáil. Iarrfaimid ar gach duine i mbliana a dtuairimí a roinnt linn faoi na bealaí is ansa leo chun bail níos sona agus níos sláintiúla a chur ar Éirinn faoi cheann 2030.



### Comórtas Scríbhneoireachta de chuid An Post

Chun páirt a ghlacadh sa Chomórtas Scríbhneoireachta “Éire Níos Sona agus Níos Sláintiúla faoi cheann 2030” de chuid an Post, ní mór duit na bearta thíos a dhéanamh. Féadann tú leas a bhaint as an Treoirleabhar Múinteora ar na leathanaigh thíos chun cabhrú le do dhaltaí sa 5<sup>ú</sup> - 6<sup>ú</sup> rang an iontráil fhoirfe a chumadh!



### Beart 1: Déan do mhachnamh faoi conas bail níos sona agus níos sláintiúla a chur ar Éirinn amach anseo!

Bain leas as an Treoirleabhar Múinteora atá le fáil sna leathanaigh thíos d’fhonn do mhachnamh a dhéanamh faoi cheisteanna tábhachtacha a bhaineann lenár bpobail amach anseo a fheabhsú.

### Beart 2: Nod chun Daoine a Spreagadh chun Dul i mBun Pinn



Léigh an Litir Shamplach ón mbliain 2030. Maidir le bail níos sona agus níos sláintiúla a chur ar Éirinn amach anseo, féach chuige go roghnaíonn do dhaltaí na bealaí is fearr leo chun é seo a bhaint agus go scríobhann siad litir fúthu is go seolann siad chugainn í. Is féidir leo pictiúr a chur lena litir mar léargas dúinn ar an gcuma a bheadh ar Éirinn, dar leo, dá n-éireofaí le bail níos sona agus níos sláintiúla a chur uirthi mar thír faoi cheann 2030!

### Beart 3: Déan do chuid Oibre a Sheiceáil

Spreag do dhaltaí chun leas a bhaint as ár seicliosta peannaireachta chun eagarthóireacht a dhéanamh iad féin ar a gcuid oibre féin!

### Beart 4: Seol chugainn í!

- Líon isteach ár bhfoirm iontrála thar ceann gach dalta agus cuir cóip lámhscríofa faoi iamh lena n-iontráil.
- Seol í chuig:  
**Comórtas Scríbhneoireachta Sóisir de chuid An Post**  
**Bosca Oifige Poist 13287**  
**Saorphost FDN7461**  
**Baile Átha Cliath 1**
- Is é an **24<sup>ú</sup> de mhí an Mhárta 2023** an spriocdháta le haghaidh iarratais a chur isteach.



Tá súil againn go bhfuil sceitimíní ort páirt a ghlacadh i gComórtas Scríbhneoireachta bliantúil de chuid An Post. Chuireamar Treoirleabhar Múinteora le chéile chun cabhrú leat éascaíocht a dhéanamh ar scríobh litreacha sa rang.



#### Acmhainní

- Cur i Láthair PowerPoint - grianghraif agus ceisteanna tábhachtacha
- Físeán an Post (sa PowerPoint)
- Litir Shamplach
- Teimpléad Scríbhneoireachta



#### Réamhrá

Chun tús a chur leis an gceacht is féidir roinnt **ceisteanna tábhachtacha** a chur:

- Cad is pobal ann agus cén pobal a bhfuilimid mar bhaill de?
- Conas is féidir linn bail níos sona agus níos sláintiúla a chur ar ár bpobal féin?
- Conas is féidir linn bail níos sona agus níos sláintiúla a chur ar an domhan ina bhfuilimid féin inár gcónaí ann?
- Cén aois a bheidh agat sa bhliain 2030?
- Cén cruth a bheidh ar an domhan sa bhliain 2030, dar leat?
- Cé a sheachadann do phost?
- Cad atá ar bun ag An Post chun Bail Níos Sláintiúla agus Níos Sona a chur ar Éirinn?
- Conas is féidir leat do chion a dhéanamh maidir le sin?
- Cad iad na príomh-réimsí ar cheart dúinn díriú orthu?

Bíodh **plé ginearálta** agaibh faoi conas is féidir linn bail níos sona agus níos sláintiúla a chur ar an domhan.

Luaigh an focal **inbhuanaitheacht** leo, focal a chiallaíonn “cothabháil a dhéanamh ar an domhan ina mairimid, agus gníomhú go stuama le go mbeidh acmhainní an phláinéid in ann na glúnta amach romhainn a chothú.”

#### Cur i Láthair

**Cuid 1:** Físeán An Post - Do Lorg a Fhágáil.

- **Sleamhnán a 2 agus a 3:** Pléigh cad atá ar bun ag An Post mar chabhair chun bail níos sona agus níos sláintiúla a chur ar Éirinn.

**Cuid 2:** Gníomhaíocht le Pictiúir ar PowerPoint - déan cur síos ar cad atá ar siúl sna pictiúir.

- **Sleamhnán a 4:** Córas Iompair - Plé agus ceisteanna faoi conas is féidir leas a bhaint as an gcóras iompair chun bail níos sláintiúla agus níos sona a chur ar ár bpobail.
- **Sleamhnán a 5:** Fuinneamh - Plé agus ceisteanna faoi conas is féidir leas a bhaint as fuinneamh chun bail níos sláintiúla agus níos sona a chur ar ár bpobail.





- **Sleamhnán a 6:** Ionchuimsiú - Plé agus ceisteanna faoi conas is féidir leas a bhaint as cur ar chumas daoine eile páirt a ghlacadh chun bail níos sláintiúla agus níos sona a chur ar ár bpobail.
- **Sleamhnán a 7:** Bithéagsúlacht - Plé agus ceisteanna faoi conas is féidir leas a bhaint as an mbithéagsúlacht chun bail níos sláintiúla agus níos sona a chur ar ár bpobail.
- **Sleamhnán a 8:** LAA - Plé agus ceisteanna faoi conas is féidir leas a bhaint as laghdú, athúsáid agus athchúrsáil chun bail níos sláintiúla agus níos sona a chur ar ár bpobail.
- **Sleamhnán a 9:** Athrú aeráide - Plé agus ceisteanna faoi conas is féidir leas a bhaint as stop a chur le hathrú aeráide chun bail níos sláintiúla agus níos sona a chur ar ár bpobail.

### Litir Shamplach

Déan an litir thíos faoi Éirinn amach anseo a léamh agus a phlé. Tá Laura 15 bliana d'aois agus tá sí ar an saol sa bhliain 2030. Tá an aois chéanna aici agus a bheidh ag na páistí atá sa 1ú agus sa 2ú rang anois faoi cheann 2030.

A Lucht an 1ú/2ú Rang,

Beannachtaí ón Todhchaí! Laura is ainm dom agus táim ar an saol sa bhliain 2030.

Éist liom agus inseoidh mé duit faoin domhan sláintiúil sona ina bhfuilim i mo chónaí! Ar an gcéad dul síos, is beag carr a bhíonn le feiceáil ar an mbóthar anois agus an t-uafás rothar. Má tá carr ag duine caithfidh sé nó sí é a phlugaíl isteach roimh dhul a chodladh le go mbeadh sé ag luchtú i rith na hoíche. Tá i bhfad níos lú torainn agus truailithe um an dtaca seo ós rud é go mbíonn gach duine ag rothaíocht anois agus go mbaintear leas i bhfad níos mó as seirbhísí bus agus traenach. Tá sé an-saor do charr a luchtú anois agus déanann daoine an t-uafás airgid a shábháil dá bharr.

Maidir leis na tithe ina bhfuil cónaí orainn a théamh, tá feabhas air sin freisin. Tá painéil ghréine ar mo theach féin le mo theaghlach agus mé féin a choimeád te teolaí. Is fuinneamh "glan" é seo, rud a fhágann gur féidir é a úsáid arís agus arís eile, agus ní bhíonn deireadh leis go deo!

Tá gach daoine sona sláintiúil freisin de réir dealraimh. Déanann mo chairde agus mé féin deimhin de gur féidir le gach duine páirt a ghlacadh inár gcluichí ag am sosa agus tugaimid cuairt ar na seandaoine inár gceantar. Éiríonn siad uaigneach uaireanta agus is deas an rud é mar sin a bheith in ann áthas a chur orthu.

Tá níos mó crann á gcur againn agus tá bail níos sláintiúla ar an timpeallacht mórthimpeall orainn. Bíonn seisiún mór bailithe bruscair againn gach Satharn le gur féidir leis na hainmhithe agus na plandaí inár gceantar maireachtáil go sona sábháilte.

Níl athrú aeráide ina ábhar imní chomh mór sin a thuilleadh ós rud é go ndéanann gach duine a gcion chun é a mhaolú. Tá go leor boscaí athchúrsála agus lánaí rothar inár gceantar. Tá sé go diail ar fad!

Is iontach go deo a bheith beo sa todhchaí! Sula mbaileoidh mé liom, an miste leat cabhrú liom chun an scéal a scaipeadh faoin todhchaí a fheabhsú trí dhaoine a chur ar an eolas faoi conas is féidir leo bail níos sláintiúla agus níos sona a chur ar Éirinn?

Go raibh maith agat agus feicfidh mé go luath thú.  
Laura



Is í an chuid is fearr Liom de Litir Laura ná ...

Is féidir Liomsa bail Níos Sona agus Níos Sláintiúla a Ghur ar Éirinn faoi cheann 2030. Seo iad na rudaí gur féidir Liom a dhéanamh:

1.

2.

3.

4.

5.

- Scríobh mé le mo lámhscríbhneoireacht is fearr agus d'úsáid mé spásanna.
- D'úsáid mé Ceannlitreacha ag tús abairte.
- D'úsáid mé comhartha poncaíochta ag deireadh gach abairte.
- Rinne mé mo dhícheall leis an litriú.
- Sheiceáil mé an seoladh faoi dhó.
- Rinne mé mo dhícheall!

an  
post



**Tarraing d'íomhá d'Éirinn Níos Sona agus Níos Sláintiúla anseo!**